eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Naíscoil Uí Neíll
# Oileán An Ghuail

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Uí Néill |
| **Seoladh:** | 104 Bóthar an Chuain<br>OILEÁN AN GHUAIL<br>Co Thír Eoghain<br>BT71 4PU |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 28 Feabhra 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 17 Eanáir 2001 |

### 1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 26 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 19 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 19 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 8 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 2 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d’fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 90% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 0 | 3 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 0 | 3 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 1 |

| Líon: *** | |
|---|---|
| Mic léinn | 1 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 3 huaire an chloig | - | 189 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| **Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:** | 20 |
| **Céatadán acu a cuireadh ar ais:** | 50% |
| **Líon na dtuairimí scríofa:** | 6 |

**TUAIRISC FAOIN CHIGIREACHT AR NAÍSCOIL UÍ NÉILL, OILEÁN AN GHUAIL, CO THÍR EOGHAIN BT71 4PU (5BB-0311)**

1. Tá an t-ionad suite ar thailte Ghaelscoil Uí Neill. Cuireann an t-ionad clár luath-thumoideachais Ghaeilge ar fáil. Ó bhí an chigireacht dheireanach ann ceapadh ceannaire agus cúntóir nua, fuarthas cóiríocht shoghluaiste nua, agus rinneadh áit súgartha dhaingean amuigh faoin spéir.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht. Is é an tuairim a bhí ag na daoine a d'fhreagair go raibh siad thar a bheith sásta le hobair an ionaid.

3. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad réamhscolaíochta le haghaidh cosaint leanaí. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go héifeachtach seasta leis na páistí a chosaint.

4. Tá an t-ionad réamhscolaíochta i ndiaidh tús a chur le cleachtais chun stíl bheatha shláintiúil a chur chun cinn i measc na bpáistí. Bíonn deiseanna rialta ag na páistí bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí fisiceacha.

5. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Tá an t-atmaisféar cairdiúil san ionad agus fearadh na fáilte ann, agus sin bunaithe ar dhea-chaidreamh idir an fhoireann agus na páistí. Is maith a iompraíonn na páistí iad féin, freagraíonn siad go maith don fhoireann agus bíonn comhoibriú ar siúl acu agus iad ag súgradh.

- Áit gheal fhairsing atá san ionad agus na háiteanna súgartha leagtha amach go han-soiléir. Spreagtar na páistí lena gcuid gníomhaíochtaí súgartha a phleanáil gach lá agus is furasta teacht ar na hacmhainní.

- Eagraítear an clár ama laethúil le go mbeidh cothromaíocht mhaith idir saorshúgradh agus gníomhaíochtaí a bhíonn faoi stiúir daoine fásta. Leagtar amach gnáthimeachtaí an lae sa dóigh nach gcuirfear isteach ar na páistí agus go gcuirfear lena gcuid neamhspleáchais.

- I rith na cigireachta, bhí a lán samplaí ann nuair a bhí idirghníomhaíocht éifeacht ar siúl idir an fhoireann agus na páistí, nuair a chuidigh siad leis na páistí ina gcuid smaointeoireachta agus nuair a chur siad lena gcumas teanga agus foghlama. Tá muinín ag an fhoireann as a gcuid Gaeilge agus baineann siad úsáid inniúil aisti le deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí. Is léir ón dóigh a mbíonn na páistí a freagairt go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha.

- Tá córais iomchuí pleanála agus measúnaithe i bhfeidhm. Sna pleananna scríofa tá imlíne de chlár leathan cothrom do pháistí ina dtugtar deiseanna sásúla foghlama i ngach réimse den churaclam réamhscoile.

- Tugann an fhoireann tacaíocht thuisceanach do na páistí sin a aimsíodh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Baintear úsáid as modhanna éagsúla le hinse do na tuismitheoirí faoin dóigh a bhfuil a gcuid páistí ag foghlaim agus lena ndéanamh páirteach in obair an ionaid.

- Tá naisc éifeachtacha cruthaithe idir an t-ionad agus an bhunscoil a mbeidh na páistí ag aistriú chuici. Bíonn an fhoireann ag chomhroinnt eolais faoi ghnéithe den churaclam réamhscoile agus faoin dul chun cinn atá déanta ag na páistí.

6. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Ba chóir don fhoireann leanúint de bheith ag forbairt na háite súgartha amuigh faoin spéir le go mbeidh na páistí in ann triail a bhaint as réimse gníomhaíochtaí dúshlánacha spreagthacha foghlama ó cheann go ceann an churaclaim réamhscoile.

- Is gá níos mó tairbhe a bhaint as na deiseanna sna gníomhaíochtaí súgartha le go dtabharfar tuilleadh taithí ar an luathmhatamaitic do na paistí agus go gcuirfear leis an taithí sin.

7. Tá an ceannaire díograiseach agus déanann sí an t-ionad á bhainistiú go héifeachtach. Tá mothú láidir san fhoireann gur meitheal mhaith iad. Léiríonn siad cur chuige meabhraitheach ina gcuid oibre agus déanann siad luacháil rialta ar an soláthar oideachais. Faigheann an fhoireann tacaíocht luachmhar ó shaineolaí oideachais luath-óige an ionaid agus tá siad i ndiaidh tús a chur le cur chuige níos struchtúrtha chun féinmheastóireacht a dhéanamh. Ba chóir don fhoireann plean forbartha a ullmhú don ionad anois agus tosú a bhailiú fianaise go bhfuil feabhas ag teacht ar na réimsí sin ar tugadh aird orthu sa chigireacht seo.

8. Tá láidreachtaí móra sa chuid is mó den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Aimsíodh sa chigireacht mionréimsí atá le feabhsú agus a bhfuil sé i gcumas an ionaid réamhscolaíochta tabhairt fúthu.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta sna réimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina hiomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk